**MOLADH ÓN mBORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH**

**an 3 Deireadh Fómhair 2023**

**lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus ar chómhalartacht dheonach na mbeart sin**

**(BERS/2023/9)**

(C/2023/899)

TÁ BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagail 3 agus 16 go 18 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([3]), agus go háirithe Airteagal 458(8) de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ([4]), agus go háirithe Roinn II de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([5]), agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach agus comhsheasmhach a áirithiú, is den tábhacht é an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú le cómhalartacht dheonach.

(2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhalartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([6]) a áirithiú go ndéantar na bearta beartais macrastuamachta go léir atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhalartú sna Ballstáit eile.

(3) An 11 Eanáir 2022, thíolaic Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique (NBB/BNB) iarraidh faoi Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE do BERS, maidir le frithmhalartú an mhaoláin um riosca sistéamach earnálach (sSyRB) ag Ballstáit eile, a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 133(9) den Treoir chéanna, a bhí infheidhme ón 1 Bealtaine 2022. Dá thoradh sin, an 30 Márta 2022, tar éis na hiarrata a thíolaic NBB/BNB agus chun cosc a chur ar theacht i gcrích éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceití agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme an bhirt beartais macrastuamachta sin a thiocfadh chun bheith infheidhme sa Bheilg, chinn Bord Ginearálta BERS an beart sin a áireamh ar an liosta de bhearta beartais macrastuamachta a moltar iad a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2.

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([2]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 1.
([3]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.
([4]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.
([5]) IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.
([6]) Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

(4) An 18 Iúil 2023, dúirt NBB/BNB in iarraidh chómhalartúcháin eile a thíolaic sé do BERS go ndearna sé athmheasúnú ar an ráta sSyRB agus go ndéanfaidh sé é a athchalabrú ó 9 % go 6 % ón 1 Aibreán 2024.

(5) Tar éis do NBB/BNB an iarraidh a thíolacadh do BERS agus chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) cosc a chur ar theacht i gcrích éifeachtaí diúltacha trasteorann i bhfoirm sceití agus arbatráiste rialála a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme na mbeart beartais macrastuamachta sa Bheilg; agus (ii) cothrom iomaíochta a chaomhnú i measc institiúidí creidmheasa an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), chinn Bord Ginearálta BERS leanúint den bheart a áireamh ar liosta na mbeart beartais macrastuamachta a moltar iad a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2 agus an ráta SyRB atá molta a choigeartú i gcomhréir leis an iarraidh ó NBB/BNB.

(6) Níor aimsigh BERS aon fhianaise go bhfuil an ráta sSyRB, arna shocrú ag NBB/BNB, ag dúbláil, go hiomlán nó go páirteach, fheidhmiú mhaolán na n-institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo (O-SII) a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE.

(7) Ina theannta sin, an 5 Bealtaine 2021, thug údaráis na Fraince fógra do BERS go raibh sé ar intinn acu síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm a mbirt macrastuamachta de bhun Airteagal 458 de CRR, go dtí an 1 Iúil 2023. Níl aon fhógra faighte ag BERS ina n-iarrtar síneadh a chur leis an mbeart roimh a dháta éaga. Chinn BERS, dá bhrí sin, beart na Fraince a bhaint den liosta de bhearta beartais macrastuamachta a moltar iad a chómhalartú faoi Mholadh BERS/2015/2.

(8) Leis na leasuithe sin ar Mholadh BERS/2015/2 ní dhéantar difear don leanúnachas a bhaineann le cómhalartú aon bhirt macrastuamachta náisiúnta eile atá i bhfeidhm faoi láthair a mholadh. Ós rud é nach bhfuil de thoradh ar athchalabrú ráta BSyRB na Beilge ach ráta laghdaithe, ní mholtar idirthréimhse athnuaite chun aitheantas a thabhairt do bheart na Beilge, mar a bheartaítear i Moladh BERS/2015/2.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH

**Leasuithe**

Leasaítear Moladh BERS/2015/2 mar seo a leanas:

1. i Roinn 1, leasaítear fo-mholadh C(1) mar seo a leanas:
   (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin mBeilg:
      '— ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg, is infheidhme go dtí an 31 Márta 2024';
      '— ráta maoláin um riosca sistéamach 6 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg, is infheidhme go dtí an 1 Aibreán 2024;';
   (2) scriostar an focal 'an Fhrainc:' agus an beart faoin bhFrainc;
2. leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 3 Deireadh Fómhair 2023.

*Ceann Rúnaíocht BERS,*
*Ar son Bhord Ginearálta BERS*
Francesco MAZZAFERRO

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn de Mholadh BERS/2015/2 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhirt faoin mBeilg:

   '— ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg, is infheidhme go dtí an 31 Márta 2024';

   '— ráta maoláin um riosca sistéamach 6 % ar gach neamhchosaint mhiondíola IRB ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg, is infheidhme go dtí an 1 Aibreán 2024.';

2. faoin mBeilg, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tuairisce ar an mbeart:

   'I. Tuairisc ar na bearta

   1. Go dtí an 31 Márta 2024, le beart na Beilge, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, forchuirtear ráta maoláin um riosca sistéamach 9 % ar neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (neamhchosaintí nár mhainnigh agus neamhchosaintí a mhainnigh araon).

   2. Ón 1 Aibreán 2024, le beart na Beilge, arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE, forchuirtear ráta maoláin um riosca sistéamach 6 % ar neamhchosaintí miondíola IRB ar dhaoine nádúrtha atá urraithe le maoin chónaithe dhochorraithe a bhfuil an chomhthaobhacht ina leith lonnaithe sa Bheilg (neamhchosaintí nár mhainnigh agus neamhchosaintí a mhainnigh araon).';

3. scriostar an teideal 'an Fhrainc', an beart faoin bhFrainc, lena n-áirítear I. Tuairisc ar an mbeart, II. Cómhalartú, agus III. Tairseach ábharthachta.